An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Sonraíocht OSPS a chur i láthair

# Loga Foghlama

# 2018-2019

www.jct.ie

**Gluais na dTéarmaí**

## Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (Creat don tSraith Shóisearach 2015 l. 46)

Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláire i ngach réimse cuí foghlama lena n-áirítear Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama agus Réimsí foghlama eile. Tarraingeoidh an PGSS as gnóthachtáil trasna na ngnéithe measúnaithe uile agus beidh tuairisc inti fúthu sin, lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stát-teistithe agus ó na Tascanna Measúnaithe.

Beidh leagan amach ag an PGSS a shocrófar ar bhonn náisiúnta. Is í an scoil a chuirfidh le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain, nuair a bheidh na torthaí measúnaithe uile ón CSS agus ón scoil ar fáil agus dearbhaithe.

## Measúnuithe Rangbhunaithe (Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe l.8)

Is é an cur síos is fearr ar na Measúnuithe Rangbhunaithe gurb iar na hócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na dtascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Bíonn cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú seo cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe déantar breithiúnas an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisc na scoile chuig na tuismitheoirí agus na scoláirí.

## Tasc Measúnaithe (TM) (Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe l.16)

Is teist scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, nach marcálann an múinteoir ranga, ach a chuirtear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh a mharcála. Is í an CNCM a shaineoidh an Tasc Measúnaithe agus beidh baint aige leis na torthaí foghlama ar a mbíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe (MRB) bunaithe.

## Gnéithe Cáilíochta (Gluais Téarmaí an CNCM)

Is ráitis iad na gnéithe cáilíochta sna sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. Ó tharla go mbíonn dlúthbhaint ag critéir ratha le hintinní foghlama agus go mbíonn siad bunaithe ar phróisis sa seomra ranga ó lá go lá, is de réir a chéile a léireodh foghlaim scoláirí na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

## Measúnú Foirmitheach (Creat don tSraith Shóisearach 2015 l. 35-36)

Beidh comhtháthú leanúnach an mheasúnaithe fhoirmithigh mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach déanann idir mhúinteoirí agus scoláirí machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul ar aghaidh agus socraíonn siad cad iad na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Cuid dhílis den mheasúnú foirmitheach is ea an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse gníomhaíochtaí measúnaithe cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint cad é atá bainte amach acu agus cén áit a bhfuil tuilleadh foghlama agus forbartha le déanamh. Chun an cineál foghlama a luaitear thuas a éascú, tiocfaidh forbairt ar ról an mhúinteora agus ar dhinimic an chaidrimh idir múinteoir agus scoláirí. Cuirfidh múinteoirí níos mó béim ar mheasúnú a shní isteach ina gcuid teagaisc ionas gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar an dul chun cinn i bhfoghlaim na scoláirí agus go n-aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlaim féin.

## Measúnú Suimitheach (Gluais Téarmaí an CNCM)

Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a dhearbhú cé acu a léirigh na scoláirí cá mhéad a léirigh siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin i gcomparáid le na critéir ratha nó gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.

## Torthaí Foghlama agus Intinní Foghlama (Gluais Téarmaí an CNCM)

Torthaí Foghlama: Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Intinn Foghlama: Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid a ba mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.


## Critéir Ratha (Gluais Téarmaí an CNCM)

Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

## Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) (Creat don tSraith Shóisearach 2015 l. 39-40)

I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh siad ar an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe sin.

**Seiceáil Isteach:**




## 3 rud atá ar eolas agam:

## 2 cheist atá agam:

## 1 rud amháin ba mhaith liom a fháil ón gcnuaslá inniu:

# Na hionchais atá agam do mo chuid Scoláirí



***Úsáid an spás seo le do thoil chun gníomhaíochtaí struchtúrtha machnaimh agus smaointe ar bith a bhíonn agat i rith an lae nó amach anseo a bhreacadh síos..***

***Cad iad na hionchais atá agat do do chuid scoláirí i ndiaidh dóibh a bheith páirteach agus ag foghlaim in OSPS na Sraithe Sóisearaí le trí bliana?***

## Sos Machnaimh

***Cad é ar gá dúinn cuimhneamh air inár scoil i dtéarmaí soláthair OSPS?***

# Réasúnaíocht agus Aidhm Shonraíocht an OSPS

## Réasúnaíocht

Is am í an luath-ógántacht ina dtarlaíonn athruithe móra do dhaoine óga, go fisiciúil, go mothúchánach agus go sóisialta.  Trí mhodheolaíochtaí turgnamhacha agus obair ghrúpa a úsáid, tá an spás tiomnaithe agus an t-am ag an scoláire sa ghearrchúrsa seo a thuiscint agus a scileanna a fhorbairt le foghlaim faoi féin, le haire a thabhairt dó féin agus do dhaoine eile agus le cinntí eolacha a dhéanamh faoina shláinte agus a fholláine i ndomhan atá ag athrú go tapa.

In OSPS tugtar deiseanna don scoláire dul siar ar théamaí éagsúla a dhíríonn ar fhéinfheasacht agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt, chomh maith leis na scileanna a bhaineann le féinbhainistiú, cumarsáid, plé le fadhbanna, cinnteoireacht agus tarraingt le daoine eile.  Táthar eolach ar an gcur chuige bíseach i leith dul siar ar phríomhsmaointe agus ábhair nó tá sé i gcuir chuige reatha i leith OSPS. Tógann an cúrsa nua seo ar an gcur chuige sin ach cuireann sé béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le gníomhú agus rannpháirtíocht an scoláire sa phróiseas foghlama mar nithe ríthábhachtacha don fhoghlaim san fhearann éifeachtach. Tá na scileanna atá i gceist ríthábhachtach le haghaidh féinchomhlíonadh, le maireachtáil i bpobail agus le haghaidh rannpháirtíocht iomlán san fhoghlaim tar éis OSPS. Cuirtear machnamh pearsanta, teacht aniar agus comhbhá chun cinn freisin trí OSPS.

Tá oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) tábhachtach don duine óg ag an gcéim seo dá shaol. Bíonn cuid mhór eolais os a chomhair faoi chaidrimh agus gnéas ó fhoinsí neamhfhoirmiúla, na meáin agus ar líne.  Tugann OSPS an comhthéacs inar féidir leis an duine óg foghlaim faoi shaincheisteanna tábhachtacha fisiciúla, sóisialta, mothúchánacha agus morálta faoi chaidrimh, sláinte ghnéis agus féiniúlacht inscne, lena n-áirítear cén áit is féidir leis eolas iontaofa a fháil ó fhoinsí iontaofa.

Tá sé tábhachtach tógáil ar fhoghlaim an scoláire in OSPS sa bhunoideachas freisin. Faigheann foghlaim in OSPS tacaíocht, go bunúsach, ó thimpeallacht dhearfach, cumasaithe sa scoil iomlán agus ó bheartais/threoirlínte ábhartha scoile, lena n-áirítear OCG, polasaí frithbhulaíochta agus polasaí maidir le mí-úsáid substaintí, agus treoirlínte ar chosaint leanaí. Cuidíonn an mór-chomhthéacs seo don fhoghlaim in OSPS lena chinntiú go bhfoghlaimíonn an scoláire le cinntí eolacha a dhéanamh faoina shláinte agus faoina fholláine.  Faigheann na cinntí seo tuilleadh tacaíochta agus spreagtha ó pholasaithe agus treoirlínte scoile, pobail agus náisiúnta.

Sainaithníodh sé tháscaire – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach – sa tsraith shóisearach atá lárnach i bhfolláine an scoláire.  Cuireann foghlaim in OSPS deiseanna foghlama ar fáil a dearadh le gach ceann de na táscairí sin a fheabhsú, ag cur, mar sin, le clár Folláine na scoile sa tsraith shóisearach.

## Aidhm

Tá sé d’aidhm ag an ngearrchúrsa seo tuiscint dhearfach an scoláire ar a nádúr féin agus ar a shláinte agus fholláine fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta a fhorbairt. Tá sé d’aidhm aige freisin cur ar chumas an duine óig caidrimh fholláine a fhorbairt agus a choinneáil.

# Rochtair ar Shonraíocht an OSPS agus ar na Treoirlínte Measúnaithe

[https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/SPHE](https://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Short-Courses/SPHE)






# Torthaí Foghlama Ghearrchúrsa an OSPS

| Snáithe 1: Cé mé féin? | |
|---|---|
| *Foghlaimíonn an scoláire faoi* | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
| **Conas a fheictear dom mé féin agus daoine eile** | 1.1 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht a bhaineann lena fhéinmheas féin agus le féinmheas daoine eile a thógáil<br>1.2 fáiltiú roimh dhifríocht idir daoine aonair bunaithe ar léirthuiscint dá uathúlacht féin |
| **Bheith i d'ógánach** | 1.3 páirt a ghlacadh i bplé eolach ar thionchar na forbartha fisicí, mothúchánaí, síceolaíche agus sóisialta le linn na hógántachta<br>1.4 an chaoi a mbaineann gnéasacht agus féiniúlacht inscne le bheith i do dhuine daonna a aithint agus go bhfuil toisí bitheolaíocha, síceolaíocha, cultúrtha, sóisialta agus spioradálta leis |
| **Féinbhainistíocht** | 1.5 spriocanna pearsanta gearrthéarmacha, meántéarmacha, agus fadtéarmacha a shainaithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach<br>1.6 scileanna cinnteoireachta a chur i bhfeidhm i réimse suíomhanna<br>1.7 eolas cuí agus iontaofa faoi shláinte agus folláine a aimsiú |
| **Mo chearta agus cearta daoine eile** | 1.8 míniú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le steiréitíopáil cur le tuiscint agus le taithí duine ar chearta agus ar fholláine<br>1.9 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht atá le hiompar measúil agus cuimsitheach chun timpeallacht shábháilte a chur chun cinn atá saor ó chlaontacht agus ó leatrom |

| Snáithe 2: Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile. | |
|---|---|
| *Foghlaimíonn an scoláire faoi* | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
| **Fanacht folláin** | 2.1 an chaoi a gcuireann aiste bia, gníomhaíocht choirp, codladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas agus folláine a mheas<br>2.2 léirmheas a dhéanamh ar éifeacht na meán, na fógraíochta agus tionchair eile ar chinntí an duine faoin tsláinte agus faoin bhfolláine<br>2.3 cur síos a dhéanamh ar a gcuireann an muintearas chun cinn ar scoil, sa bhaile agus sa phobal trí chéile agus ar a ról féin chun timpeallacht chuimsitheach a chruthú<br>2.4 idirdhealú a dhéanamh idir aire atá oiriúnach a thabhairt agus a fháil |
| **Úsáid substaintí** | 2.5 na scileanna pearsanta agus sóisialta a thaispeáint chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú chun toitíní a chaitheamh, alcól a ól agus/nó substaintí eile a úsáid<br>2.6 machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena úsáid drugaí féin nó le húsáid daoine eile<br>2.7 léirmheas a dhéanamh ar an eolas agus na tacaí atá ar fáil do dhaoine óga i dtaca le húsáid substaintí |
| **Cumarsáid mheasúil** | 2.8 scileanna na héisteachta gníomhaí agus na freagartha cuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla<br>2.9 scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas |
| **Frithbhulaíocht** | 2.10 cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta<br>2.11 breithmheas a thabhairt ar róil rannpháirtithe agus lucht féachana i dteagmhais bhulaíochta |
| | 2.12 athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí frithbhulaíochta agus ar threoirlínte sábháilteacht idirlín na scoile agus míniú a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann d'iompar agus do shábháilteacht phearsanta scoláirí |

| **Snáithe 3: Dul i bpáirt le chéile** | |
|---|---|
| *Foghlaimíonn an scoláire faoi* | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
| **Cara bheith agat agus tú a bheith i do chara** | 3.1 a bhfuil luachmhar ag daoine óga i gcaidrimh dhifriúla a oibriú amach agus an chaoi a n-athraíonn sé sin le himeacht aimsire<br>3.2 meonta, scileanna agus dearcthaí a mheas a chabhraíonn chun cairdeas a dhéanamh, a choimeád agus a chríochnú go measúil<br>3.3 a chumas a aithint chun cairdeas a dhéanamh agus a bheith aige |
| **An raon caidrimh** | 3.4 na tionchair dhifriúla ar chaidrimh agus ar leibhéil dlúthchaidrimh a mhíniú<br>3.5 anailís a dhéanamh ar dheacrachtaí caidrimh a bhíonn ag daoine óga |
| **Gnéasacht (collaíocht), féiniúlacht inscne agus sláinte ghnéis** | 3.6 cur síos a dhéanamh ar thorthúlacht, giniúint, forbairt réamhbhreithe agus breith, agus na ceisteanna sláinte ar leith a bhaineann le gach ceann acu<br>3.7 míniú a thabhairt ar a gciallaíonn sé aire a thabhairt dá shláinte ghnéis<br>3.8 scileanna cumarsáide treallúsaí a thaispeáint chun tacú le cinnteoireacht fhreagrach, eolach faoi chaidrimh agus faoi shláinte ghnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de |
| | 3.9 machnamh a dhéanamh ar na gnéithe pearsanta agus sóisialta den ghnéaschlaonadh agus den fhéiniúlacht inscne |
| **Tionchar na meán ar chaidrimh agus ar ghnéasacht** | 3.10 anailís chriticiúil a dhéanamh ar úsáid íomhánna gnéasacha agus ar steiréitíopáil inscne i gcineálacha éagsúla meán<br>3.11 léirmheas a dhéanamh ar thionchar na meán ar a thuiscint ar chollaíocht agus ar shláinte ghnéis |

| **Snáithe 4: Mo mheabhairshláinte** | |
|---|---|
| *Foghlaimíonn an scoláire faoi* | **Torthaí foghlama**<br>*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire* |
| **Meabhairshláinte dhearfach** | 4.1 míniú a thabhairt ar a gciallaíonn sé meabhairshláinte dhearfach a bheith agat<br>4.2 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht a bhaineann le rudaí a phlé go mion, lena n-áirítear na naisc a aithint idir smaointe, mothúcháin agus iompar<br>4.3 roinnt teicnící scíthe a chleachtadh |
| **Meabhairshláinte agus easláinte mheabhrach** | 4.4 páirt a ghlacadh i bplé eolach ar cheisteanna meabhairshláinte a mbíonn taithí ag daoine óga agus/nó ag a chairde agus a theaghlach orthu<br>4.5 léirthuiscint a bheith aige do mhaireachtáil le heasláinte mheabhrach<br>4.6 léirmheas a dhéanamh ar na seirbhísí meabhairshláinte atá ar fáil do dhaoine óga go háitiúil<br>4.7 míniú a thabhairt ar an tionchar suntasach a imríonn úsáid substaintí ar mheabhairshláinte an duine |
| **Ócáidí géara coscracha a láimhseáil** | 4.8 raon straitéisí chun athléimneacht a thógáil a chleachtadh<br>4.9 scileanna le dul i ngleic le deacrachtaí a úsáid chun dúshláin an tsaoil a bhainistiú |
| **Cailleadh agus méala** | 4.10 míniú a thabhairt ar an réimse leathan ócáidí saoil ina bhféadfadh sé taithí a bheith aige ar chailleadh agus ar mhéala<br>4.11 breac-chuntas a thabhairt ar na freagairtí pearsanta, sóisialta, mothúchánacha agus fisiceacha i leith cailleadh agus méala<br>4.12 comparáid a dhéanamh idir na bealaí ina gcuirtear cailleadh agus méala i láthair i gcomhthéacsanna agus i gcultúir éagsúla |
| | 4.13 cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtabharfadh sé aire dó féin agus a dtabharfadh sé tacaíocht do dhaoine eile ar ócáidí caillte agus méala |

# Briathra Gnímh i Sonraíocht an OSPS

**Aimsigh –** tairge nó ábhair bunúascaha a fháil ó áit éigean eile.**1.7**

**Aithin** – firicí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint. **1.4; 3.3**

**Anailísigh** – stáidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud amiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh: codanna agus coibhneasa a shainaithint , agus fianaise a léirmhíniú chun teacht are chonclúidí. **3.5**

**Athbhrithnigh** – athscrúdú a dhéanamh go cúramach nó go criticiúil, chun tacú nó easaontú de ghnáth: torthaí a analaísiú chun tuairim a thabhairt.**2.12**

**Cleachtadh** – Déan cleachtadh ar scileanna nó gníomhaíocht arís is arís eile chun feabhas a dhéanmh, nó caighdeán a choimeád **4.3; 4.8**

**Cur i bhfeidhm** – faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú augs a úsáid chun cás a thugtha nó fíorchúinsí a mhíniú. **1.6**

**Cur Síos**– pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí: plean, ionsamhlú nó samhail á thairgeadh .**2.3; 2.10; 3.6**

**Dealaigh** –an fáth a bhfuil rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach **2.4**

**Déan Comparáid** – cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agua/nó ar na difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu/dóibh uile síos tríd. **4.12**

**Glacad Páirt** – Páirt a ghlacadh, téigh i mbun , a beith páirteach.**1.3; 4.4**

**Léirigh** – smaplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin .**2.5; 3.8**

**Léirmheas a dhéanamh** –meas ainilíseach a dhéanamh are teoiric nó cleachtadh . **2.2; 2.7; 3.10; 3.11; 4.6**

**Léirthuiscint a bheith ag…do** – brí a aithint, tuiscint phracticiúil a bheith aige do rud.**1.1; 1.9; 4.2; 4.5**

**Machnamh a Dhéanamh** – rud a mheas chun cheartúchán no feabhsúchán a dhéanamh **2.6; 3.9**

**Meas** – breithmheas a thabhairt ar luach agus/nó caighdeán.**2.11**

**Measúnaigh** –finalise a bháiliú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh: cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas: srianta finalise i gconclúidí a shainaithint: breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna.**2.1; 3.2**

**Mínigh** – mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna.**1.8; 3.4; 3.7; 4.1; 4.7;4.10**

**Oibriú Amach** – aimsigh , cruthaigh , nó roghnaigh go bhfuil rud fíor **3.1**

**Sainaithin** – patrúin, fíricí nó sonraí a aithint: freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí fíoras nó gné shainiúil a aithint agua a lua go hachomair**1.5**

**Tabhair Breac Chuntas** – Achoimre a dhéanamh ar gnéithe suntasacha ábhair. **4.11**

**Úsáid** – Eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh.**2.8;2.9;4.9**

# Táscairí na Folláine



## GNÍOMHACH

- An rannpháirtí muiníneach oilte mé i ngníomhaíocht choirp?
- Cé chomh gníomhach is atá mé go fisiciúil?



## ATHLÉIMNEACH

- An gcreidim go bhfuil na scileanna agam chun déileáil le dúshláin an tsaoil?
- An eol dom cén áit ar féidir liom cabhair a fháil?
- An gcreidim go n-éireoidh go maith liom ach iarracht a chur isteach?



## FREAGRACH

- An ngníomhaím chun mo chuid folláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chothú?
- An roghnaím bia sláintiúil?
- An dtuigim cén áit a mbíonn mo chuid sábháilteachta i mbaol, agus an ndéanaim na roghanna cearta?



## MEAS

- An mothaím go n-éistear liom agus go bhfuil meas orm?
- An bhfuil caidrimh dhearfacha agam le mo chairde, mo phiaraí agus mo mhúinteoirí?
- An léirím cúram agus meas ar dhaoine eile?



## CEANGAILTE

- An mothaím ceangailte le mo scoil, mo chairde, mo phobal agus an domhan mór?
- An dtuigim go dtéann mo chuid gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí i bhfeidhm ar m'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile i gcomhthéacs áitiúil agus domhanda?



## FEASACH

- An bhfuilim feasach ar mo chuid smaointe, mothúchán agus iompar, agus an féidir liom ciall a bhaint astu?
- An bhfuilim feasach ar mo luachanna pearsanta agus an ndéanaim machnamh ceart roimh chinneadh a dhéanamh?
- An dtuigim na rudaí a chabhraíonn liom foghlaim agus conas is féidir liom dul i bhfeabhas?

# Prímhscileanna agus a ngéithe sa tSraith Shóisearach



# Machnamh a dhéanamh ar Mheasúnú i mo Sheomra  Ranga OSPS

| ***Cén dóigh a ndéanann tú measúnú ar fhoghlaim scoláire i do sheomra ranga OSPS i láthair na huaire?*** | ***Cén dóigh ar féidir linn fianaise ar fhoghlaim scoláirí a úsáid chun cabhrú leis na scoláirí sin dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama?*** |
| --- | --- |
| | |

# Aonad Foghlama: Smaoinigh, Péireáil, Roinn

| ***Smaoinigh ar uair a bhí tú cróga.  Cad é a chiallaíonn sé a bheith cróga?*** |
| --- |
| |

| ***Cén dóigh ar féidir crógacht a léiriú má táthar ag tromaíocht ar dhuine agus is finné thú?*** |
| --- |
| |

| ***Féachadóir*** | ***Seasadóir*** |
| --- | --- |
| | |

# Sos Machnaimh

| |
|---|
| ***Cad é mar a chabhraigh an fiosrúchán seo ar an tSonraíocht leat do thuiscint ar an Ghearrchúrsa OSPS a fhorbairt?*** |
| ***Cad iad na gnéithe de mheasúnú a dtiocfadh leat díriú orthu i do cheachtanna OSPS i do scoilse?*** |

# Ceisteanna Scaflála chun Aonad Foghlama a Phleanáil

## Ceisteanna Úsáideacha chun Machnamh a Dhéanamh Orthu

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Cad iad na **torthaí foghlama** a d'oibreodh go maith le chéile? Cén fáth?

An oireann siad **d'aois agus do chéim** ár gcuid scoláirí? Cad é mar a bhíonn a fhios againn?

Cad í an **phríomhfhoghlaim** do na scoláirí sna torthaí foghlama seo?



Cad é mar a bheidh a fhios againn **cad é a d'fhoghlaim** na scoláir

Cad iad na **heispéiris foghlama** a thiocfadh cabhrú le foghlaim scoláire?

Cad iad na **hacmhainní** atá againn nó a mbeadh teacht againn orthu?

# Teimpléad Scéalchláir

# Cur Chuige Samplach d'Aonad Foghlama

**Cinneadh a dhéanamh i dtaobh na dTorthaí Foghlama**

**Na Briathra Gnímh Fhiosrú**

**An Phríomhfhoghlaim do Scoláirí a fhiosrú. An n-oireann seo d'aois agus do chéim na bhfoghlaimeoirí?**

**Measúnú Leanúnach: Déan do mhachnamh faoi conas a bheidh a fhios agat cad é a d'fhoghlaim na scoláirí**

**Déan do mhachnamh faoi eispéiris foghlama chuí agus faoi acmhainní oiriúnacha**

**Smaointe Machnaimh**

# Aonaid Foghlama Fhéideartha: Pleanáil Chomhoibríoch

| | |
|---|---|
| **Ag Fannacht Folláin**<br>*Ba chóir do scoláirí a bheith in ann:* | 1.5 spriocanna pearsanta gearrthéarmacha, meántéarmacha, is fadtéarmacha a shainaithint mar aon le bealaí ina bhféadfaí iad a bhaint amach.<br><br>2.1 an chaoi a gcuireann aiste bhia, gníomhaíocht coirp, coladh/scíth agus sláinteachas le féinmhuinín, féinmheas, agus folláine a mheas. |
| **Feasacht ar Dhrugaí a Chur i Láthair**<br>*Ba chóir do scoláirí a bheith in ann:* | 2.6 machnamh a dhéanamh ar na hiarmháintí pearsanta, sóisialta agus dlíthiúla a thagann lena húsáid drugaí féin nó le húsáid daoine eile<br><br>4.7 míniú a thabhairt ar an tionchar suntasach a imríonn úsáid substaintí ar mheabhairshláinte an duine |
| **Féin-fheasacht a Fhorbairt**<br>*Ba chóir do scoláirí a bheith in ann:* | 1.1 léirthuiscint a bheith aige don tábhacht a bhaineann lena fhéinmheas féin agus le féinmheas daoine eile a thógail<br><br>4.1 míniú a thabhairt ar a gciallaíonn meabhairshláinte dhearfach a bheith agat |

## Sos Machnaimh


***Cén dóigh a gcabhraíonn comhoibriú chun comhthuiscint ar fhoghlaim scoláire a fhorbairt?***

***An féidir leat cuid d'am gairmiúil s'agat a úsáid chun tógáil ar an tuiscint roinnte atá forbartha againn inniu? Cén dóigh?***

## Tacaí sa Bhreis:

Is cuid é Webwise den Theicneolaíocht san Oideachas ar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí é, a chuireann chun cinn agus a thacaíonn le comhtháthú TFC sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Cuireann Webwise úsáid fhéinriartha, éifeachtach agus níos sábháilte den idirlíon chun cinn do dhaoine óga trí straitéis leanúnach faisnéise agus feasachta a dhíríonn ar thuismitheoirí, múinteoirí agus páistí iad féin le teachtaireachtaí leanúnacha agus ábhartha. Forbraíonn Webwise acmhainní agus scaipeann iad, rud a chabhraíonn le múinteoirí sábháilteacht ar líne a fhí isteach i dteagasc agus i bhfoghlaim ina gcuid scoileanna.

## Curaclam ar Líne




Óstálann Curaclam Ar Líne na príomhdhoiciméid do ghearrchúrsa an OSPS lena n-áirítear an tSonraíocht, Treoirlínte Measúnaithe agus Samplaí d'Obair Scoláirí (a luaithe is a bheidh siad ar fáil)

## Folláine SFGM (PDST)

Cabhraíonn an fhoireann Sláinte agus Folláine in SFGM (PDST) le scoileanna maidir le gnéithe folláine ar nós OCG (Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (RSE)), OSPS, Frith-thromaíocht, Cosaint Leanaí, Folláine Múinteoirí agus Corpoideachas. Tugtar mionsonraí maidir le tacaí SFGM i réimse an OCG a bhfuil achoimre air ar leathanaigh 17 agus 18 de do Loga Foghlama.

## Tacaí amach anseo ó FSS (HSE)

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag ullmhú tacar acmhainní, atá á bhforbairt ar aon dul le gearrchúrsa an OSPS a d'fheadfadh a bheith úsáideach ag múinteoirí. Cuirfear sonraí chuig na scoileanna a luaithe is a fhoilseofar iad.

# SFGM (PDST): Tacaí FGL don OCG (RSE)




Cuireann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí SFGM (PDST) réimse de sheirbhísí forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do mhúinteoirí: Áirítear leis sin Imeachtaí Foghlaim Ghairmiúil éagsúla agus Oiliúint Scoilbhunaithe a sholáthar i rith na bliana acadúla, a leithéidí "OCG na Sraithe Sóisearaí" nó "Sábháilteacht Phearsanta".

http://www.sphe.ie/

## Croíthacaí Seimineáir do Theagasc an OSPS – Seimineáir 2 lá – Ionadaíocht ar Fáil

**OCG na Sraithe Sóisearaí** – Díríonn an seimineár seo ar ábhar OCG na Sraithe Sóisearaí. Fiosrófar modhanna eolaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu muinín múinteora a fhorbairt maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna mothálacha le scoláirí. Cuirfear an suíomh gréasáin B4Udecide agus acmhainní teagaisc, acmhainní Lockers and BeinCtrl i láthair na rannpháirtithe a chabhróidh le múinteoirí agus le scoileanna maidir le híomhánna gnéasúla a bheith á roinnt in aghaidh toil daoine (go neamhchomhthoiliúi)l, comhéigean gnéasúil agus sracaireacht ar líne.

**OCG na Sraithe Sinsearaí** – Díríonn an seimineár seo ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu le fada ar OSPS. I measc na dtopaicí, áirítear caidrimh, sláinte ghnéis, ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha IGTnna (STIs), torthúlacht agus frithghiniúint. Tugtar cóip den DVD TRUST agus pacáiste ceachta do rannpháirtithe

## Tacaí Breise Seimineáir – Seimineáir 1 lá – Ionadaí ar fáil

**Meabhairshláinte 1&2 –** Dearadh na seimineáir seo do gach múinteoir, go háirithe dóibh sin atá ag teagasc OSPS. Díríonn siad ar mheabhairshláinte dearfach agus sláinte mhothúchánach a chur chun cinn le cois athrú, cailliúint & bás. Fiosrófar modheolaíochtaí is féidir a chur in oiriúint chun an modúl "Sláinte Mhothúchánach" a fhiosrú. Tabharfar cóip den DVD "WTO through SPHE" agus pacáiste ceachta do rannpháirtithe.

**Úsáid Substaintí –** Dearadh an seimineár seo do mhúinteoirí OSPS agus fiosrófar meonta i dtaobh úsáid substaintí agus déanfar scrúdú ar mhodheolaíochtaí a chabhróidh le múinteoirí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo leis na scoláirí. Úsáidfear acmhainn nua ar Úsáid Substaintí a d'fhorbair an FSS le linn an tseimineáir agus cuirfear é ar fáil do na rannpháirtithe uile.

**Claonadh Inscne agus Féiniúlacht Ghnéis –** Tá an seimineár seo dírithe ar mhúinteoirí OSPS agus OCG agus fiosróidh sé an taithí atá ag daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha. Gheobhaidh rannpháirtithe an acmhainn 'Growing Up LGBT' agus fiosróidh siad an dóigh chun feasacht a thógáil tríd an gcuraclam agus ar leibhéal na scoile uile.

## Tacaí Breise Seimineáir – Seimineáir 1 lá

**Frith-thromaíocht** – Fócas ar Shábháilteacht ar Líne agus ar Chibearbhulaíocht – Díreofar ar Shábháilteacht ar líne agus ar bhunphrionsabail na Béasaíochta Idirlín sa seimineár seo chomh maith le tagairtí do gnáthchineálacha tromaíochta. I measc príomhchodanna an tseimineáir seo, áirítear fiosrú a dhéanamh ar ról churaclam an OSPS maidir le straitéisí oideachais agus cosc ar thromaíocht, acmhainní agus straitéisí do mhúinteoirí agus béim ar Chleachtas Aisiríoch mar mhodh fiosraithe agus réitigh.

**Sábháilteacht Phearsanta sa tSraith Shóisearach –** Díríonn an seimineár seo ar mhúinteoirí OSPS agus OCG agus rachaidh sé i ngleic le bealaí chun daoine óga a oiliúint maidir le sábháilteacht phearsanta, cosaint agus drochíde. Tabharfaidh sé deis do rannphháirtithe a dtaithí a fháil ar cheachtanna Sábháilteacht Phearsanta atá forbartha don tSraith Shóisearach agus atá ar fáil anois ar shuíomh SFGM.

### Iarratas ar Tacaíocht Shaincheaptha

Is féidir na cúrsaí thuasluaite a chur in áirithe ar www.sphe.ie. Is féidir le scoileanna tacaíocht shaincheaptha a lorg i réimsí éagsúla trí iarratas a dhéanamh ar **pdst.ie/schoolsupport**. Is é uimhir rolla na scoile an t-ainm úsáideora agus is é **schoolsupport2018** an pasfhocal. Ar na réimsí tacaíochta atá ar fáil áirítear Folláine Múinteoirí, Teagasc agus Foghlaim in OSPS, OCG & LADT. Cur chuige don uile scoile maidir le Meabhairshláinte agus Frith-thromaíocht

# Sos Machnaimh

***Conas a chabhraíonn na leidcheisteanna agus an próiseas pleanála a mholtar leis an bpleanáil?***

***Cén chaoi a bhféadfadh mo rang OSPS athrú trí na torthaí foghlama a úsáid chun teagasc, foghlaim agus measúnú a phleanáil?***

# Notaí

# Sonraí Teaghmhála


**Administrative Office:**

Monaghan Ed. Centre,

Armagh Road,

Monaghan.

www.metc.ie

**Director's office:**

LMETB,

Chapel Street,

Dundalk.

**Follow us on Twitter**

@JCforTeachers

**For all queries please contact:** *info@jct.ie*


**Useful websites:** www.jct.ie www.curriculumonline.ie www.ncca.ie

http://schoolself-evaluation.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers